2026/2542

18.11.2026

# CINNEADH (AE) 2026/2542 ÓN gCOMHAIRLE

## an 9 Samhain 2026

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, ar fóram de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip é, a bhaineann le tograí mhí na Samhna 2026 le haghaidh rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh 97/836/CE ón gComhairle ([1]), d'aontaigh an tAontas do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a bhaineann le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958').

(2) Trí bhíthin Chinneadh 2000/125/CE ón gComhairle ([2]), d'aontaigh an tAontas don Chomhaontú a bhaineann le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna ar féidir iad a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar').

(3) Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leagtar síos na forálacha riaracháin agus na ceanglais theicniúla maidir le cineálcheadú agus cur ar an margadh gach feithicle nua, gach córais nua, gach comhpháirte nua agus gach aonaid theicniúil ar leithligh nua. Leis an Rialachán sin, déantar rialacháin arna nglacadh faoi Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 ('rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe') a ionchorprú i gcóras cineálcheadaithe an Aontais, ina gceanglais maidir le cineálcheadú nó ina roghanna malartacha ar rialacha an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 1 de Chomhaontú Athbhreithnithe 1958 agus Airteagal 6 den Chomhaontú Comhthreomhar, tá an Fóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29) in ann tograí a ghlacadh le haghaidh leasuithe ar rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, ar rialacháin theicniúla dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe agus ar rúin ó na Náisiúin Aontaithe, agus tograí a ghlacadh le haghaidh rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe, rialacháin theicniúla dhomhanda nua ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le ceadú feithiclí. Thairis sin, de bhun na bhforálacha sin, tá WP.29 in ann tograí a ghlacadh le haghaidh údaruithe chun leasuithe ar rialacháin theicniúla dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt nó chun rialacháin theicniúla dhomhanda nua ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt, agus tá sé in ann tograí a ghlacadh chun síneadh a chur leis na sainorduithe le haghaidh rialacháin theicniúla dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe.

(5) Ón 17 Samhain go dtí an 20 Samhain 2026, le linn an 200ú seisiún den Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí, tá sé beartaithe go nglacfaidh WP.29 an méid seo a leanas: tograí le haghaidh leasuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 46, 49, 79, 90, 95, 96, 127, 129, 148, 149, 152, 153, 157, 168, 169, 171, 174, 176 agus 178 ó na Náisiúin Aontaithe; tograí le haghaidh leasuithe ar rialacháin theicniúla dhomhanda Uimh. 20, 21, 22 agus 25 ó na Náisiúin Aontaithe; agus tograí le haghaidh leasuithe ar rúin R.E.5 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais agus M.R.3 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cáilíocht an aeir laistigh d'fheithiclí.

([1]) Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha, agus maidir leis na coinníollacha i ndáil le haitheantas frithpháirteach le haghaidh ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin ('Comhaontú Leasaithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1997/836/oj).

([2]) Cinneadh 2000/125/CE ón gComhairle an 31 Eanáir 2000 i ndáil le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le rialacháin theicniúla dhomhanda a leagan síos i dtaca le feithiclí rothacha, agus trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha ('an Comhaontú Comhthreomhar') (IO L 35, 10.2.2000, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/125/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

(6) Chun taithí phraiticiúil agus forbairtí teicneolaíochta a chur san áireamh le linn an phróisis cineálcheadaithe, maidir leis na ceanglais le haghaidh sainghnéithe nó gnáthghnéithe a chumhdaítear le Rialacháin Uimh. 0, 46, 49, 79, 90, 95, 96, 127, 129, 148, 149, 152, 153, 157, 168, 169, 171, 174, 176 agus 178 ó na Náisiúin Aontaithe; rialacháin theicniúla dhomhanda Uimh. 20, 21, 22 agus 25 ó na Náisiúin Aontaithe; rún comhdhlúite (R.E.5) maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais; agus rún frithpháirteach (M.R.3) maidir le cáilíocht an aeir laistigh d'fheithiclí, is gá iad a leasú nó a fhorlíonadh.

(7) Má ghlactar na rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe, beidh éifeachtaí dlíthiúla acu ar an Aontas. In éineacht le rialacháin theicniúla dhomhanda ó na Náisiúin Aontaithe agus rúin ó na Náisiúin Aontaithe, is féidir leo tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar rialacha an Aontais i réimse an chineálcheadaithe feithiclí.

(8) Is gá, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh i WP.29 a bhunú a mhéid a bhaineann le glacadh na dtograí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Vótálfaidh an tAontas i bhfabhar na ndoiciméad oibre de chuid na Náisiún Aontaithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo sa 200ú seisiún d'Fhóram Domhanda Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí.

*Airteagal 2*

Féadfar mionathruithe teicniúla ar an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1 a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

S. HARRIS

*IARSCRÍBHINN*

| Rialachán Uimh. | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid [1] |
|---|---|---|
| 0 | Dréacht-togra le haghaidh shraith leasuithe 09 ar Rialachán Uimh. 0 ó na Náisiúin Aontaithe (CIFI) | ECE/TRANS/WP.29/2026/171 |
| 46 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 06 a ghabhfadh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 46 ó na Náisiúin Aontaithe (Amharc Neamhdhíreach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSG/110, mír 11(a), bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2026/25 | ECE/TRANS/WP.29/2026/176 |
| 46 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 04 a ghabhfadh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 46 ó na Náisiúin Aontaithe (Amharc Neamhdhíreach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSG/110, mír 11(b), bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2026/26 | ECE/TRANS/WP.29/2026/177 |
| 46 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 10 a ghabhfadh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 46 ó na Náisiúin Aontaithe (Amharc Neamhdhíreach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSG/110, mír 11(c), bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2026/27 | ECE/TRANS/WP.29/2026/178 |
| 46 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 46 ó na Náisiúin Aontaithe (Amharc Neamhdhíreach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSG/110, mír 11(d), bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2026/28 | ECE/TRANS/WP.29/2026/179 |
| 46 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 46 ó na Náisiúin Aontaithe (Amharc Neamhdhíreach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSG/110, mír 11(d), bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2026/28 | ECE/TRANS/WP.29/2026/180 |
| 46 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le Sraith Leasuithe 07 ar Rialachán Uimh. 46 ó na Náisiúin Aontaithe (Amharc Neamhdhíreach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSG/110, mír 11(e), bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2026/29 | ECE/TRANS/WP.29/2026/181 |

| Rialachán Uimh. | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid ([1]) |
|---|---|---|
| 49 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 5 a ghabhfadh le sraith leasuithe 07 ar Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí ó innill adhainte comhbhrú agus ó innill adhainte deimhní (GPL agus GNC))<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 32., bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2026/17 | ECE/TRANS/WP.29/2026/173 |
| 79 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 17 a ghabhfadh le sraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe (Trealamh Stiúrtha)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 47, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/19 arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-25-53/Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2026/186 |
| 79 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 12 a ghabhfadh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe (Trealamh Stiúrtha)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 47, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/19 arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-25-53/Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2026/187 |
| 79 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 79 ó na Náisiúin Aontaithe (Trealamh Stiúrtha)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 47, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/19 arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-25-53/Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2026/188 |
| 90 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 14 a ghabhfadh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 90 ó na Náisiúin Aontaithe (Páirteanna coscánaithe athchuir)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 70, bunaithe ar dhoiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-25-06 | ECE/TRANS/WP.29/2026/189 |
| 90 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 14 a ghabhfadh le sraith leasuithe 02 ar Rialachán Uimh. 90 ó na Náisiúin Aontaithe (Páirteanna coscánaithe athchuir)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 70, bunaithe ar dhoiciméad neamhfhoirmiúil GRVA-25-06 | ECE/TRANS/WP.29/2026/190 |

| Rialachán Uimh. | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid ([1]) |
|---|---|---|
| 95 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfadh le sraith leasuithe 04 ar Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe (Cosaint ar imbhualadh taobhach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 17, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, Iarscríbhinn III.A | ECE/TRANS/WP.29/2026/196 |
| 95 | Togra le haghaidh fhorlíonadh 5 a ghabhfadh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe (Cosaint ar imbhualadh taobhach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 17, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, Iarscríbhinn III.B | ECE/TRANS/WP.29/2026/212 |
| 95 | Togra le haghaidh fhorlíonadh 3 a ghabhfadh le sraith leasuithe 06 ar Rialachán Uimh. 95 ó na Náisiúin Aontaithe (Cosaint ar imbhualadh taobhach)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 17, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, Iarscríbhinn III.C | ECE/TRANS/WP.29/2026/213 |
| 96 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfadh le sraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 96 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí ó Innill Innealra Shoghluaiste nach Innealra Bóthair é)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 49., bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2026/24 arna leasú le GRPE-94-62 | ECE/TRANS/WP.29/2026/174 |
| 127 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 05 ar Rialachán Uimh. 127 ó na Náisiúin Aontaithe (Sábháilteacht coisithe)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 23, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, Iarscríbhinn IV | ECE/TRANS/WP.29/2026/197 |
| 129 | Togra le haghaidh fhorlíonadh 6 a ghabhfadh le sraith leasaithe 04 agus le haghaidh fhorlíonadh 1 a ghabhfadh le sraith leasaithe 05 ar Rialachán Uimh. 129 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais srianta fheabhsaithe um shábháilteacht linbh)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 24, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2026/2 | ECE/TRANS/WP.29/2026/198 |

| Rialachán Uimh. | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid ([1]) |
|---|---|---|
| 148 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 8 a ghabhfadh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 148 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis Solaschomharthaíochta)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRE/94, mír 24, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2026/10 arna leasú le GRE-94-07 | ECE/TRANS/WP.29/2026/184 |
| 149 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 8 a ghabhfadh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 149 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis Soilsiúcháin Bóthair)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRE/94, míreanna 24, 27, 28, 29 agus 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2026/10 arna leasú le GRE-94-07, ECE/TRANS/WP.29/GRE/2026/5, ECE/TRANS/WP.29/GRE/2026/11 arna leasú le GRE-94-08-Rev.1, ECE/TRANS/WP.29/GRE/2026/12 arna leasú le GRE-94-09, ECE/TRANS/WP.29/GRE/2026/13 arna leasú le GRE-94-10-Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2026/185 |
| 149 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 11 a ghabhfadh le sraith leasuithe 00 ar Rialachán Uimh. 149 ó na Náisiúin Aontaithe (Gairis Soilsiúcháin Bóthair)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRE/94, mír 30, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2026/13 arna leasú le GRE-94-10-Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2026/214 |
| 152 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 9 a ghabhfadh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe (Ardchóras coscánaithe éigeandála le haghaidh M1 agus N1)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 59, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/22 | ECE/TRANS/WP.29/2026/191 |
| 152 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 8 a ghabhfadh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe (Ardchóras coscánaithe éigeandála le haghaidh M1 agus N1)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 59, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/22 | ECE/TRANS/WP.29/2026/192 |

| Rialachán Uimh. | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid ([1]) |
|---|---|---|
| 153 | Togra le haghaidh fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 153 ó na Náisiúin Aontaithe (Sláine an chórais breosla agus sábháilteacht an ghléasra cumhachta leictrigh i gcás imbhualadh deiridh)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 51, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, Iarscríbhinn VI | ECE/TRANS/WP.29/2026/199 |
| 157 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 7 a ghabhfadh le leaganacha bunaidh Rialachán Uimh. 157 ó na Náisiúin Aontaithe (córas uathoibrithe coimeádta lána)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 24, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/13 arna leasú le GRVA-25-29 | ECE/TRANS/WP.29/2026/170 |
| 157 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 6 a ghabhfadh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 157 ó na Náisiúin Aontaithe (córas uathoibrithe coimeádta lána)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 24, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/13 arna leasú le GRVA-25-29 | ECE/TRANS/WP.29/2026/193 |
| 168 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe (Astaíochtaí Domhanda Fíorthiomána)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 25., bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2026/14 | ECE/TRANS/WP.29/2026/175 |
| 169 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 169 ó na Náisiúin Aontaithe (Taifeadán Sonraí Teagmhais le haghaidh Feithiclí Tromshaothair)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSG/110, mír 31, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2026/21 | ECE/TRANS/WP.29/2026/182 |
| 171 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 4 a ghabhfadh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe (CCRT)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 43, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/16 arna leasú le GRVA-25-56 | ECE/TRANS/WP.29/2026/215 |

| Rialachán Uimh. | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid [1] |
|---|---|---|
| 171 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 171 ó na Náisiúin Aontaithe (CCRT)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 43, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA-25-57 | ECE/TRANS/WP.29/2026/194 |
| 174 | Togra le haghaidh fhorlíonadh 2 a ghabhfadh le sraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 174 ó na Náisiúin Aontaithe (Meabhrúcháin creasa slándála)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 33, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, Iarscríbhinn V | ECE/TRANS/WP.29/2026/200 |
| 176 | Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhfadh leis an leagan bunaidh de Rialachán Uimh. 176 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais Chúnta Réimse Radhairc)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSG/110, mír 42, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRSG/2026/19 | ECE/TRANS/WP.29/2026/183 |
| 178 | Togra le haghaidh shraith leasuithe 01 ar Rialachán Uimh. 178 ó na Náisiúin Aontaithe (Córais Éigeandála le Fanacht i Lána)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRVA/25, mír 53, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRVA/2026/20 arna leasú le GRVA-25-55/Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2026/195 |

[1] Tá na doiciméid uile dá dtagraítear sa tábla le fáil ag: https://unece.org/sites/default/files/2026-08/ECE-TRANS-WP.29-1193e.pdf https://unece.org/info/events/event/415357.

| Nithe ilghnéitheacha | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid |
|---|---|---|
| Treoraíocht | Togra le haghaidh leasuithe ar na treoirlínte idirthréimhseacha | ECE/TRANS/WP.29/2026/172 |
| Rún | Togra le haghaidh Leasú 13 ar an Rún Comhdhlúite maidir leis an tsonraíocht choiteann le haghaidh catagóirí foinsí solais<br>ECE/TRANS/WP.29/GRE/94, mír 11, bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRE/2026/15 agus GRE 94-12 | ECE/TRANS/WP.29/2026/201 |

| Nithe ilghnéitheacha | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid |
|---|---|---|
| Rún | Togra le haghaidh Athbhreithniú 2 ar M.R.3 maidir le Cáilíocht an Aeir Laistigh d'Fheithiclí<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 78., bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2025/27 | ECE/TRANS/WP.29/2026/202 |
| RTD 20 | Togra le haghaidh leasú 1 ar Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 20 ó na Náisiún Aontaithe (Sábháilteacht Feithiclí Leictreacha)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 10 ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2026/4 | ECE/TRANS/WP.29/2026/204 |
| RTD 21 | Togra le haghaidh Leasú 2 ar RTD Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe (DEVP)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 65., bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2025/4 arna leasú le GRPE-94-41 | ECE/TRANS/WP.29/2026/205 |
| RTD 22 | Togra le haghaidh Leasú 2 ar RTD Uimh. 22 ó na Náisiúin Aontaithe (Marthanacht Ceallraí Infheithicle le haghaidh Feithiclí Saothair Éadroim Leictrithe)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 69., bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2025/5 arna leasú le GRPE-94-42-Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2026/207 |
| RTD 25 | Togra le haghaidh Leasú 1 ar RTD Uimh. 25 ó na Náisiúin Aontaithe (Marthanacht Ceallraí Infheithicle le haghaidh Feithiclí Tromshaothair Leictrithe)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 71., bunaithe ar ECE/TRANS/WP.29/GRPE/2025/3 arna leasú le GRPE-94-43 | ECE/TRANS/WP.29/2026/209 |
| Tuarascáil | Togra le haghaidh tuarascáil um an stádas críochnaitheach maidir le forbairt leasú 1 ar Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 20 ó na Náisiún Aontaithe (Sábháilteacht Feithiclí Leictreacha)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 10, ECE/TRANS/WP.29/GRSP/2026/3 arna leasú le doiciméad neamhfhoirmiúil GRSP-79-32-Rev.1 | ECE/TRANS/WP.29/2026/203 |
| Tuarascáil | Togra le haghaidh tuarascáil theicniúil maidir le Leasú 2 nua a fhorbairt i ndáil le RTD Uimh. 21 ó na Náisiúin Aontaithe (DEVP)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 65., bunaithe ar GRPE-94-46 | ECE/TRANS/WP.29/2026/206 |

| Nithe ilghnéitheacha | Teideal na míre ar chlár oibre | Cód tagartha an doiciméid |
|---|---|---|
| Tuarascáil | Togra le haghaidh tuarascáil theicniúil maidir le Leasú 2 nua a fhorbairt i ndáil le RTD Uimh. 22 ó na Náisiúin Aontaithe (Marthanacht Ceallraí Infheithicle le haghaidh Feithiclí Saothair Éadroim Leictrithe)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 69., bunaithe ar GRPE-94-47 | ECE/TRANS/WP.29/2026/208 |
| Tuarascáil | Togra le haghaidh tuarascáil theicniúil maidir le Leasú 1 nua a fhorbairt i ndáil le RTD Uimh. 25 ó na Náisiúin Aontaithe (Marthanacht Ceallraí Infheithicle le haghaidh Feithiclí Tromshaothair Leictrithe)<br>ECE/TRANS/WP.29/GRPE/94, mír 71., bunaithe ar GRPE-94-48 | ECE/TRANS/WP.29/2026/210 |
| Údarú | Iarraidh ar údarú chun leasuithe ar RTDanna Uimh. 1 agus 14 ó na Náisiúin Aontaithe a fhorbairt<br>ECE/TRANS/WP.29/GRSP/79, mír 5 | ECE/TRANS/WP.29/2026/211 |